# Dámhachtain Coimisiún na Comhairle Ealaíon 2025

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Spriocdháta: 5.30pm (am na hÉireann), Déardaoin 27 Feabhra 2025

**Iarratasóirí faoi mhíchumas**

**Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas chun úsáid a bhaint as ár seirbhísí.**

**Má tá tú faoi mhíchumas agus má theastaíonn cúnamh uait le d'iarratas a chur isteach, déan teagmháil linn a luaithe is féidir roimh an spriocam.**

**Déan teagmháil le: An tOifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas**

**Guthán: 01 618 0200 nó 01 618 0243**

**Ríomhphost: access@artscouncil.ie**

## CLÁR

**Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu** 3

**Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** 4

**1. Faisnéis faoin Dámhachtain Coimisiún** 5

1.1 Aidhm agus cuspóirí na dámhachtana 5
1.2 Na snáitheanna dámhachtana 5
1.3 Tosaíochtaí na dámhachtana – foirmeacha ealaíne ar leith 6
1.4 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 8
1.5 Cé hé nó hí an t-iarratasóir? 10
1.6 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? 10
1.7 Cad is féidir leat iarratas a dhéanamh air? 10
1.8 Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air? 11
1.9 Cad air nach féidir leat iarratas a dhéanamh? 14
1.10 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas? 14
1.11 Incháilitheacht 17

**2. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh** 18

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon 18
2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais 19
2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas 19
2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne 21

**3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas** 23

3.1 Forbhreathnú 23
3.2 An próiseas measúnaithe 23
3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú 24
3.4 Painéil phiaraí 25
3.5 Toradh na n-iarratas 26
3.6 Achomhairc 26

## Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu

- D'fhonn iarratas a dhéanamh, **ní mór** duit a bheith cláraithe le haghaidh cuntas Sheirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS). Mura bhfuil ceann agat, is féidir leat clárú le ceann a fháil anseo. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le **cúig lá oibre** a thógáil sular féidir úsáideoir nua a chlárú ar OLS, mar sin tabhair go leor ama duit féin é seo a dhéanamh sula mbeidh an spiocdháta buailte leat.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d'iarratas a uaslódáil **daichead a hocht uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta fógartha. Ar an gcaoi sin, bheadh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus bheimis in ann cuidiú leat.
- Tabhair faoi deara, de bharr an lín mhóir iarrthóirí a úsáideann an córas ar líne lá an spriocdháta, nach féidir linn a dheimhniú go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla a bheadh agat a réiteach, sa chás go dtéann tú i dteagmháil linn **i ndiaidh a 2.00 p.m. lá an spriocdháta**.
- Léigh an seicliosta seo a leanas go cúramach:

---

- [ ] Tá na treoirlíne seo léite agam agus tuigim iad.
- [ ] Sa chás go raibh fadhb agam, chuaigh mé i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cúnamh a fháil, i bhfad roimh an spriocdháta.
- [ ] Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas comhlánaithe agam.
- [ ] Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam, mar a shonraítear sna treoirlínte seo, agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.
- [ ] D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

---

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar

- **01 618 0200**
- **01 618 0243**

Má bhíonn ceist agat faoi d'iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón. http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh https://www.youtube.com/artscouncildemo

# 1. Faisnéis faoin Dámhachtain Coimisiún

## 1.1 Aidhm agus cuspóirí na dámhachtana

Is é cuspóir na Dámhachtana Coimisiún coimisiúnú saothair nua ó shaorealaíontóirí a éascú.

Go ginearálta, d'fhéadfadh an saothar críochnaithe a bheith i bhfoirm a d'fhéadfaí a chur i láthair, a thaispeáint, a fhoilsiú, a thaibhiú agus/nó a scaipeadh ina iomláine tráth a chríochnaithe, nó d'fhéadfadh sé go bhféadfaí é a léiriú ina obair idir lámha, beo nó ar líne. Féach an treoir shonrach thíos maidir le foirm ealaíne/réimse ealaíon le haghaidh na dtosaíochtaí don dámhachtain i ngach réimse.

Cuireann straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* an bonn eolais faoi na dámhachtainí uile (féach seo: http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/mar aon le beartais aonair maidir le foirmeacha ealaíon/cleachtais ealaíon.

Tá gach dámhachtain agus scéim ag teacht le Beartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht agus Luach Saothair don Ealaíontóir.

## 1.2 Na snáitheanna dámhachtana

### Snáithe 1: Coimisiúin foirme ealaíne

Is féidir cur isteach ar choimisiúin sna réimsí seo a leanas:

- Ceol
- Ceoldrámaíocht

Ciallaíonn seo gur féidir le haon iarratasóir, cibé acu is eagraíocht nó is duine aonair é, iarratas a dhéanamh chun ealaíontóir atá ag obair laistigh de cheann de na réimsí foirme ealaíne seo a choimisiúnú.[1]

### Snáithe 2: Coimisiúin le haghaidh réimsí tras-ealaíon

Chun cabhrú le heagraíochtaí ealaíon atá ag obair ar fud foirmeacha éagsúla ealaíne a bheochan agus le hobair ó ealaíontóirí atá ag obair i gcomhthéacsanna áirithe a choimisiúnú, tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí sna catagóirí seo a leanas:

- Féilte

Sna cásanna sin, féadfaidh eagraíochtaí iarratas a dhéanamh chun ealaíontóir a oibríonn le haon chineál foirme ealaíne a choimisiúnú, cé is moite d'fhéilte a chuireann isteach ar choimisiún sa Cheol nó sa Cheoldrámaíocht. Is ceart dóibh siúd iarratas a dhéanamh maidir leis na foirmeacha ealaíne sin go díreach i Snáithe 1. Déanfar an t-iarratas a mheas go príomha maidir leis an gcomhthéacs ina mbeartaítear an coimisiún. Tabharfaidh speisialtóirí

[1] **Ní mór** d'iarratasóirí ar an dámhachtain seo a bheith cláraithe le haghaidh cuntas Sheirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS). Féach ar chuid 2.1 thíos.

foirme ealaíne na Comhairle Ealaíon trácht tánaisteach sa chás go bhfuil a bhfoirm ealaíne ina cuid dhílis den togra.

## 1.3 Tosaíochtaí na dámhachtana – foirmeacha ealaíne ar leith

Laistigh de chuspóirí ginearálta na scéime (mar a shonraítear i gcuid **1.1**), bíonn tosaíochtaí éagsúla ag baint leis na foirmeacha éagsúla ealaíne/cleachtais éagsúla ealaíon, mar a shonraítear sa chuid seo.

### Snáithe 1: Coimisiúin foirme ealaíne

### Ceol

Is é an t-uasmhéid is féidir a bhronnadh ar gach iarratasóir rathúil: **€17,000**

**Tabhair faoi deara**: **caithfidh** an méid seo a leanas a bheith mar thoradh ar mhaoiniú a bhronntar faoin Dámhachtain Coimisiún sa Cheol:

Cruthú saothair chríochnaithe **agus**

Taibhiú poiblí an tsaothair choimisiúnaithe nó scaipeadh nó cur i láthair poiblí de chineál eile in Éirinn nó thar lear.

Maidir leis an **gCeol**, d’fhéadfadh sé go n-áireofaí na nithe seo a leanas le coimisiúin fhéideartha:

- Taibheoirí aonair/ensemble a chumasú le cumadóir nó cumadóirí a choimisiúnú chun saothar nua a chumadh do thaibhiú nó do thaibhithe faoi leith agus/nó taifeadadh/taifeadtaí foilsithe agus/nó craoladh/craoltaí
- Tionscnóirí, ionaid tionóil nó féilte a chumasú chun saothair a choimisiúnú do thaibhealaíontóirí Éireannacha nó idirnáisiúnta le taibhiú ag a n-imeachtaí
- Slite nua nó turgnamhacha a chothú chun saothar ceoil a cheapadh agus a chur i láthair.

Tugann an dámhachtain tosaíocht d’iarratais ina ndéantar na nithe seo a leanas:

- A bheartaíonn coimisiúin atá ar ardchaighdeán ealaíonta, go háirithe ó chumadóirí Éireannacha
- A bheartaíonn lucht éisteachta suntasach a bhaint amach trí thaibhiú beo, craoladh, taifeadadh, agus/nó bealaí lucht éisteachta eile, agus béim ar leith ar lucht éisteachta in Éirinn (ach ní gá go mbeadh béim iomlán ar Éirinn)
- A cheadaíonn ré bhreisithe (níos mó taibhithe agus/nó cumhdach poiblí breisithe, scaipeadh digiteach, etc.) agus tionchar breisithe don saothar nó don tionscadal a chruthaítear
- A thaispeánann próiseas rannpháirtíochta comhoibrithe láidir idir an coimisinéir, na taibheoirí, an lucht féachana/éisteachta agus an t-ealaíontóir/na healaíontóirí coimisiúnaithe maidir leis an saothar nua a fhorbairt agus a chur i láthair
- A thaispeánann nuálaíocht agus a neartaíonn tuiscint agus eispéireas maidir leis an bhfoirm ealaíne atá i gceist.

- Ó chineálacha nua coimisinéirí; lena n-áirítear taibheoirí neamhghairmiúla ar ardchaighdeán.

## Ceoldrámaíocht

Is é an t-uasmhéid is féidir a bhronnadh ar gach iarratasóir rathúil: **€45,000**

**Tabhair faoi deara**: **caithfidh** an méid seo a leanas a bheith mar thoradh ar mhaoiniú a bhronntar faoin Dámhachtain Coimisiún sa Cheoldrámaíocht:

Cruthú saothair chríochnaithe **agus**

Taibhiú poiblí an tsaothair choimisiúnaithe nó scaipeadh nó cur i láthair poiblí de chineál eile in Éirinn nó thar lear.

Maidir leis an **gCeoldrámaíocht**, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí na nithe seo a leanas le coimisiúin fhéideartha:

- Léiritheoirí ceoldrámaíochta a chumasú le cumadóir agus/nó leabhrógaí a choimisiúnú chun saothar nua a scríobh do thaibhiú nó do thaibhithe faoi leith agus/nó taifeadadh/taifeadtaí foilsithe agus/nó craoltaí agus/nó modhanna eile scaipthe phoiblí
- Slite nua nó turgnamhacha a chothú chun ceoldráma a cheapadh agus a chur i láthair.

Tugann an dámhachtain tosaíocht d'iarratais ina ndéantar na nithe seo a leanas:

- A bheartaíonn coimisiúin atá ar ardchaighdeán ealaíonta, go háirithe ó chumadóirí agus leabhrógaithe Éireannacha
- A bheartaíonn lucht éisteachta suntasach a bhaint amach trí thaibhiú beo, craoladh, taifeadadh, agus/nó bealaí lucht éisteachta eile, agus béim ar leith ar lucht éisteachta in Éirinn (ach ní gá go mbeadh béim iomlán ar Éirinn)
- A thaispeánann próiseas rannpháirtíochta comhoibrithe láidir idir an coimisinéir, na taibheoirí, an lucht féachana/éisteachta agus an t-ealaíontóir/na healaíontóirí coimisiúnaithe agus an pobal i bhforbairt agus scaipeadh an tsaothair nua
- A thaispeánann nuálaíocht, slite nua nó turgnamhacha chun ceoldrámaíocht a cheapadh agus a chumadh agus/nó eispéireas agus tuiscint ar an bhfoirm ealaíne a dhoimhniú
- Ó chineálacha nua coimisinéirí; lena n-áirítear taibheoirí neamhghairmiúla ar ardchaighdeán
- A cheadaíonn ré bhreisithe (níos mó taibhithe agus/nó cumhdach poiblí breisithe, scaipeadh digiteach, etc.) agus tionchar breisithe don saothar nó don tionscadal a chruthaítear.

## Snáithe 2: Coimisiúin le haghaidh réimsí tras-ealaíon

Chun cabhrú le heagraíochtaí ealaíon a oibríonn ar fud foirmeacha éagsúla ealaíne a bheochan agus le hobair ó ealaíontóirí a oibríonn i gcomhthéacsanna áirithe a choimisiúnú, tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí sa chatagóir seo a leanas:

### Féilte

Is é an t-uasmhéid is féidir a bhronnadh ar gach iarratasóir rathúil: **€10,000**

Maidir le **Féilte**, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí na nithe seo a leanas le coimisiúin fhéideartha:

- A chur ar a cumas d'fhéile snáithe nua cláir a thabhairt isteach/a thástáil nó tacú le snáithe cláir atá ann cheana a fhorbairt ach saothar nua uaillmhianach a choimisiúnú do lucht féachana na bhféilte
- Deiseanna agus timpeallacht a sholáthar le haghaidh triail idirdhisciplíneach/ildisciplíneach idir foirmeacha éagsúla ealaíne, agus tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí saothar nua uaillmhianach a fhorbairt go foirmiúil
- Cumasaítear comhair nua lena bhforbraítear cleachtas ealaíne an ealaíontóra agus cleachtas cláraithe ealaíne na heagraíochta is coimisinéir
- Forbrófar saothair uaillmhianacha ealaíne ar ardchaighdeán ar féidir leis an bpobal i gcoitinne taitneamh a bhaint astu mar thoradh air.

Tugann an dámhachtain **tosaíocht d'iarratais** ina ndéantar na nithe seo a leanas:

- Cuirtear ar a gcumas d'ealaíontóirí ó chúlraí éagsúla coimisiún a fháil chun saothar nua uaillmhianach a chruthú do lucht féachana na bhféilte
- Cumasaítear coimisiúin lena gcothaítear fás agus forbairt ealaíontóirí Taibhithe Sráide agus Mórthaibhsithe agus lena dtacaítear le deiseanna chun na saothair seo a thástáil agus a chur i láthair lucht féachana.

I measc thosaíochtaí ísle na dámhachtana seo tá:

- Comhpháirtíochtaí coimisiúnaithe reatha nó atriallacha nach gcuireann le forbairt an ealaíontóra nó chleachtas ealaíonta na heagraíochta coimisiúnaithe.

**Tabhair do d'aire:** Táthar ag súil go mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann idir dhá agus trí dhámhachtain a bhronnadh ar fhéilte ar an iomlán; braithfidh sé sin ar an éileamh laistigh den scéim agus ar an gcomhthéacs buiséadach.

## 1.4 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an Dámhachtain Coimisiún oscailte d'eagraíochtaí[2] agus do dhaoine aonair chun go bhféadann siad ealaíontóir nó ealaíontóirí a choimisiúnú.

---

[2] Chun críche na dámhachtana seo, ní gá d'eagraíocht a bheith ina CLG nó DAC. Is gá, áfach, de réir chuid 1.3 thuas, go mbeadh an eagraíocht atá ag déanamh an iarratais in ann sonraí i dtaca le cuntas bainc agus imréiteach cánach, in ainm na heagraíochta, a sholáthar.

Is féidir leis an gcoimisinéir iarratas a dhéanamh ar choimisiún a thabhairt d'ealaíontóir aonair nó do ghrúpa ealaíontóirí in aon iarratas amháin.

Is féidir leis an gcoimisinéir níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh chun ealaíontóirí difriúla a choimisiúnú sa bhabhta céanna iarratais.

**Ní** ceadmhach don ealaíontóir/do na healaíontóirí atá le coimisiúnú iarratais a dhéanamh. Is é an coimisinéir amháin a dhéanann é sin.

**Ní mór don choimisinéir agus don ealaíontóir ARN a bheith acu**

**Tabhair faoi deara:** i gcás na Dámhachtana Coimisiún, ní mór don iarratasóir (an coimisinéir) agus don ealaíontóir beartaithe a bheith cláraithe (go leithleach agus ina n-aonar) leis na Seirbhísí ar Líne agus Uimhir Thagartha Ealaíontóra (ARN) dá gcuid féin acu a bheith acu. Beidh ARN an ealaíontóra de dhíth ar an gcoimisinéir nuair atá an fhoirm iarratas á líonadh isteach.[3]

- Féadfaidh eagraíochtaí atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann iarratais a dhéanamh má bhíonn siad ag coimisiúnú ealaíontóir a rugadh in Éirinn nó a chónaíonn in Éirinn. Mar an gcéanna, féadann eagraíochtaí atá lonnaithe in Éirinn ealaíontóirí lasmuigh d'Éirinn a choimisiúnú – ní mór, áfach, ina leithéid de chásanna go rachadh an saothar coimisiúnaithe chun leasa spriocphobal in Éirinn.

Mar chuid dá Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do **chomhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a chur ar fáil do gach iarratasóir féideartha beag beann ar

- Aois
- Stádas sibhialta nó teaghlaigh
- Míchumas
- Inscne
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cine
- Reiligiún
- Claonadh gnéis
- Cúlra socheacnamaíoch.

Sa scéim maoinithe seo, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte ar leith roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na tréithe a luaitear thuas

[3] Sa chás nach bhfuil tú ná an t-ealaíontóir coimisiúnaithe cláraithe le suíomh gréasáin OLS na Comhairle Ealaíon faoi láthair, roghnaigh 'Úsáideoir nua? Cláraigh'. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le **cúig** lá oibre a thógáil sula n-eiseofar ARN.

ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin agus/nó tionscnaimh a chuireann deiseanna nó torthaí cothroma ar fáil dóibh siúd atá bainteach leo.

### 1.5 Cé hé nó hí an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin.

Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra* (seachas nuair atá an coimisinéir lonnaithe lasmuigh d'Éirinn; sa chás sin íocfar an dámhachtain isteach i gcuntas bainc an ealaíontóra choimisiúnaithe).

Níor mhór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm cruinn an iarratasóra, e.g. má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoi ainm Bray Productions, níor mhór go mbeadh gach cáipéis, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha malartacha amhail Bray Enterprises nó Bré Productions.

*** Tabhair faoi deara:** caithfidh an t-iarratasóir rathúil méid iomlán aon mhaoinithe choimisiúnaithe a bhronntar a íoc leis an ealaíontóir coimisiúnaithe.

### 1.6 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Ní cheadaítear d'eagraíochtaí atá ag fáil Maoiniú Straitéiseach, Maoiniú Comhpháirtíochta nó Maoiniú Ionaid Ealaíon cur isteach ar:
  - Snáithe 1: Dámhachtainí Coimisiúin foirme ealaíne faoi **Cheol nó faoi Cheoldrámaíocht**
  - Snáithe 2: Dámhachtainí coimisiún réimsí tras-ealaíon faoi **Fhéilte**
- Eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar ealaíontóir a choimisiúnú ar fostaí é nó í de chuid na heagraíochta sin
- Ealaíontóirí aonair a dhéanann iarratas chun iad féin a choimisiúnú.

### 1.7 Cad is féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Féach ar chuid 1.3 thuas le haghaidh uasteorainn na dámhachtana laistigh den réimse ealaíon faoina bhfuil tú ag déanamh iarratais.

Is féidir leis an gcoimisinéir iarratas a dhéanamh ar choimisiún a thabhairt d'ealaíontóir aonair nó do ghrúpa ealaíontóirí in aon iarratas amháin.

Is féidir leis an gcoimisinéir níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh chun ealaíontóirí difriúla a choimisiúnú sa bhabhta céanna iarratais.

Ní thacaíonn an Dámhachtain Coimisiún seo ach **le táillí a íocann an coimisinéir leis an ealaíontóir (na healaíontóirí)**. Más ábhartha, d'fhéadfadh costais riachtanacha a thabhaíonn an t-ealaíontóir go rialta chun a c(h)uid oibre a dhéanamh a bheith mar chuid de na táillí.

Caithfidh an coimisinéir gach costas eile a bhaineann le cleachtadh, léiriú, láithriú nó scaipeadh an tsaothair choimisiúnaithe a chlúdach.

Má tharlaíonn sé gur coimisiún comhoibríoch atá ann ina bhfuil níos mó ná duine amháin, ní mór don iarratasóir táillí do gach ealaíontóir a lua go soiléir.

### 1.8 Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Cé nach dtabharfaidh an Chomhairle Ealaíon maoiniú ach amháin le haghaidh tháille an choimisiúin atá fút a íoc leis an ealaíontóir, caithfidh tú sonraí faoi **gach** ioncam agus caiteachas a bhaineann leis an togra a sholáthar chun inmharthanacht fhoriomlán an choimisiúin maidir le rannpháirtíocht an phobail a thaispeáint.

Caithfidh tú sonraí an chaiteachais bheartaithe a sholáthar i gcuid 3 den fhoirm iarratais. Mar aon leis sin, is *féidir* leat cáipéis bhuiséid eile a chur isteach ina leagtar amach imlíne an chaiteachais agus an ioncaim bheartaithe le níos mó sonraí cuí (ba cheart go mbeadh sé seo i gcáipéis scarbhileoige).

Ba cheart go n-áireofaí na nithe seo a leanas leis an **gcaiteachas** beartaithe:

- An táille atá fút a íoc leis an ealaíontóir coimisiúnaithe* as maoiniú ón gComhairle Ealaíon
- Aon táille eile atá fút a íoc leis an ealaíontóir coimisiúnaithe as aon fhoinsí maoinithe eile.
- Gach costas taibhithe, costais chíosa an ionaid tionóil, costais theicniúla, costais mhargaíochta agus phoiblíochta, costais riaracháin, etc., a bhaineann le taibhiú/taibhithe nó imeacht(aí) poiblí eile a bhfuil an saothar á gcoimisiúnú ina leith.

Ba cheart go n-áireofaí leis an ioncam beartaithe an méid airgid a shíleann tú a gheofar ó mhaoinitheoirí eile, fáltais ó dhíolacháin ticéad, díolacháin clár, urraíocht tráchtála, etc.

Is tábhachtach gach tacaíocht chomhchineáil** a léiriú san ioncam agus sa chaiteachas araon chun fíorluach agus luach iomlán do thogra a chur in iúl, agus léiriú nó fíorú (más féidir agus más cuí) a thabhairt ar shláine an ioncaim réamh-mheasta.

| | |
|---|---|
| *** Nóta maidir le pá ealaíontóirí** | Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. D'fhoilsíomar beartas maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. Tá sé tábhachtach go léann tú an beartas sin sula ndéanann tú d'iarratas. Iarrfar ort, mar chuid den phróiseas iarratais, an chaoi a gcinnteoidh tú pá cóir agus coinníollacha cearta do na healaíontóirí a oibríonn leat a leagan amach. Cabhróidh sé seo linn indéantacht d'iarratais a mheas. |
| **** Nóta maidir le tacaíocht chomhchineáil** | Má tá tú ag súil le tacaíocht chomhchineáil a fháil, is gá duit luach airgeadais a chur uirthi ionas go mbeidh an ranníocaíocht a dhéanann sí le fíorluach do thogra soiléir. Ba cheart duit caitheamh le tacaíocht chomhchineáil mar chaiteachas agus mar ioncam araon: pé méid a |

| | |
|---|---|
| | dhearbhaíonn tú ar thaobh an chaiteachais, ba cheart duit é a dhearbhú freisin ar thaobh an ioncaim.<br>**Ní féidir** am a thugann na stiúrthóirí nó comhaltaí boird a áireamh mar chostas comhchineáil. |

Is ionann an t-uasmhéid is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir **an caiteachas** agus **an t-ioncam** a shonróidh tú, agus ní féidir an t-uasmhéid atá thuasluaite a shárú (ach amháin sa chás ina mbaineann sé le daoine faoi mhíchumas).

Iarrtar ort an caiteachas, an t-ioncam agus an méid atá á iarraidh agat a shonrú ag na céimeanna seo a leanas le linn d'iarratais:

- Ar líne, nuair a chuirfidh tú tús leis an iarratas (na figiúirí iomlána amháin)
- I gcuid 3 den fhoirm iarratais (figiúirí miondealaithe agus figiúirí iomlána)
- I do bhuiséad mionsonraithe (má roghnaíonn tú ceann a chur ar fáil).

Cinntigh go bhfuil na figiúirí iomlána mar an gcéanna sna trí chás, agus cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN lúide IONCAM IOMLÁN.

Toisc nach mór an méid atá á lorg agat a úsáid go hiomlán chun an t-ealaíontóir coimisiúnaithe a íoc, ní mór go mbeidh IONCAM IOMLÁN go díreach ar comhionann le CAITEACHAS IOMLÁN, gan an táille atá fút a íoc leis an ealaíontóir as maoiniú na Comhairle Ealaíon a chur san áireamh. I bhfocail eile, ní mór go mbeidh ioncam agus caiteachas cothrom go díreach, gan táille bheartaithe an ealaíontóra ón gComhairle Ealaíon.

**Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe[4] faoi mhíchumas**

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dár gcláir mhaoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina sonraítear:

> 'Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfaíoch ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le nithe eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar pháirteachas iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile.'

Is féidir leat costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh laistigh de d'iarratas agus tá dhá chineál ann ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu.

**1. Costais rochtana phearsanta nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas**

Ba cheart go mbainfeadh na costais seo bacainní d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas a bhfuil do thogra á sheachadadh acu. Mar shampla:

[4] Tugann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar rannpháirtithe mar iad siúd a chuireann iad féin in iúl go cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíonta.

- Tusa
- Na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- Comhpháirtithe nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin
- Príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin.

Seo a leanas samplaí de thacaíocht, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana.

**Tabhair faoi deara:** is féidir cur isteach ar na costais sin anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain agus iad a chur leis an méid iomlán atá á iarraidh.

**2. Costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas – costais a bhaineann le do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine eile**

Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh tuilleadh daoine sásamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar, agus sásamh a bhaint as an obair a mhaoinímid.

Is costais iad seo chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart iad a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Sampla de chostais rochtana chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do lucht féachana is ea:

- Ateangaire TCÉ le haghaidh d'imeachta nó le haghaidh do thaibhithe
- Seirbhís tráchtaireachta fuaime a úsáid
- Do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- Ábhair thaispeántais a chruthú i bhformáidí eile amhail Braille nó fuaim.

**Tabhair faoi deara:** ba cheart duit costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh sa tsuim iomlán a iarrann tú. Ní mór dóibh a bheith laistigh den uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

**Cad a tharlóidh má tá an maoiniú a chuirtear ar fáil níos lú ná an méid a d'iarr mé?**

Má thairgtear maoiniú duit atá níos lú ná an méid a d'iarr tú, pléifimid leat conas a bheartaíonn tú do ghníomhaíocht mholta a sheachadadh.

**Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas**

Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais do rannpháirtithe nó do lucht féachana.

Má chuireann tú costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i do thogra, ní mór duit na costais a léiriú in dhá líne ar leithligh den fhoirm iarratais.

- Líne le haghaidh costais rochtana phearsanta do dhaoine nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas agus sin amháin

- Líne le haghaidh costais rochtana phoiblí do dhaoine faoi mhíchumas agus sin amháin

Caithfear cáipéis a uaslódáil freisin ina liostaítear na costais sin i dteannta na n-ábhar tacaíochta. Tá teimpléad roghnach ar fáil ar leathanach maoinithe dámhachtana an Choimisiúin ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

**Tabhair faoi deara:** is cuma má úsáideann tú teimpléad na Comhairle Ealaíon nó do cháipéis féin, ní mór an dá chineál costas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thaispeáint ar leithligh.

Lena fháil amach faoin mbealach a ndéanann muid d'iarratas a mheas, féach ar chuid 3 de na treoirlínte thíos.

### 1.9 Cad air nach féidir leat iarratas a dhéanamh?

Ní féidir cur isteach ar chostais:

- Nach mbaineann le táille an choimisiúin atá le híoc leis an ealaíontóir
- A bhaineann le coimisiúin atá curtha i gcrích cheana nó a bhfuil an táille a bhí ag gabháil leo íoctha cheana.

Ní féidir cur isteach ar ghníomhaíochtaí:

- A dhéanann dúbailt ar obair atá á déanamh ag eagraíocht cheana féin
- A d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó do dhámhachtainí atá á bhfeidhmiú ag eagraíochtaí eile
- Nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana
- Ar dlúthchuid iad d'oideachas foirmiúil leanúnach nó a bhaineann go díreach leis
- A ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin, mura féidir leat a léiriú go ndearna tú an togra a fhorbairt go suntasach ónar chuir tú iarratas isteach an uair roimhe **nó** má mhol an Chomhairle Ealaíon duit go sonrach d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.
- A bhfuil sé mar aidhm acu airgead a thiomsú d'eagraíochtaí eile ag carthanachtaí cláraithe
- A bhfuil sé mar aidhm acu páirt a ghlacadh i gcomórtas
- A bhfuil sé mar aidhm acu brabús a ghnóthú.

### 1.10 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?

Ciallaíonn ábhar tacaíochta ábhar **ar leith ó** d'fhoirm iarratais agus **sa bhreis air**. Cabhraíonn sé seo leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra. Léigh go han-chúramach an liosta seo a leanas den ábhar tacaíochta a

theastaíonn, mar is é an chúis is mó a meastar iarratais a bheith neamh-incháilithe ná go dteiptear cloí leis seo.

Le bheith incháilithe le haghaidh measúnú i gcomhair Dámhachtain Coimisiún **caithfidh** tú an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

- Beathaisnéisí nó CVanna mionsonraithe atá cothrom le dáta (trí leathanach ar a mhéad) de chuid an phríomhphearsanra atá páirteach sa tionscadal atá beartaithe
- i gcás an Cheoil agus na Ceoldrámaíochta caithfear CVanna a chur ar fáil le haghaidh an choimisinéara agus le haghaidh an ealaíontóra/na n-ealaíontóirí coimisiúnaithe. Tabhair faoi deara: ní mór iad seo a chur isteach mar cháipéisí tacaíochta ar leithligh – ní ghlacfar le naisc chuig faisnéis ábhartha ar shuíomhanna gréasáin.
- Suas le trí shampla (ar a mhéad) de shaothair na n-ealaíontóirí uile atá páirteach i gcruthú agus i léiriú/cur i láthair an tsaothair choimisiúnaithe.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar cháipéisí ar leith le d'iarratas.

I gcás an Cheoil, glacfar leis an méid a leanas mar shamplaí de do chuid saothair: 1-3 (ar a mhéad) thaifeadadh fuaime agus/nó chomhad AV d'ardchaighdeán agus/nó nasc (chuig fuaim/AV) a léiríonn cleachtas agus cuntas teiste go dtí seo na n-ealaíontóirí uile atá páirteach i gcruthú agus i léiriú/cur i láthair an tsaothair choimisiúnaithe. I gcás cumadóirí a chumann scóir go rialta mar chuid dá gcleachtas, ba chóir trí scór nó trí shliocht shuntasacha ó scór, ar a mhéad, de shaothair cheoil a cuireadh i gcrích le déanaí nó a foilsíodh roimhe seo a sholáthar. Tabhair faoi deara: caithfear scóir a uaslódáil mar chomhaid PDF agus ní mór dóibh a bheith de bhreis ar an bhfuaim/na comhaid chlosamhairc a sholáthraítear.

I gcás na Ceoldrámaíochta, glacfar leis an méid a leanas mar shamplaí de do chuid saothair: 1-3 (ar a mhéad) chomhad AV d'ardchaighdeán agus/nó nasc chuig fuaim/AV a léiríonn cleachtas agus cuntas teiste go dtí seo na n-ealaíontóirí uile atá páirteach i gcruthú agus i léiriú/cur i láthair an tsaothair choimisiúnaithe. I gcás cumadóirí a chumann scóir go rialta mar chuid dá gcleachtas, ba chóir trí scór nó trí shliocht shuntasacha ó scór, ar a mhéad, de shaothair cheoil a cuireadh i gcrích le déanaí nó a foilsíodh roimhe seo a sholáthar. Tabhair faoi deara: caithfear scóir a uaslódáil mar chomhaid PDF agus ní mór dóibh a bheith de bhreis ar na comhaid AV a sholáthraítear.

- Ag brath ar an gcineál coimisiúin, d’fhéadfadh sé go n-áireofaí ar na samplaí seo:
  - Comhaid fuaime
  - Scóir cheoil
  - Leabhróga
  - Comhaid chlosamhairc
  - Samplaí scríbhneoireachta (deich leathanach ar a mhéad)

- Comhaid íomhá.

Féach ar chuid 2.3 thíos chun faisnéis a fháil faoi chineálacha agus formáidí comhaid

- Mar aon leis sin, faoi mar a leagtar amach i gcuid 1.10 thuas, is féidir leat cáipéis bhuiséid eile a chur isteach ina leagtar amach imlíne an chaiteachais agus an ioncaim bheartaithe le níos mó sonraí cuí. Ba cheart sin a chur i láthair le scarbhileog.

### Ábhar breise a bhíonn de dhíth i gcásanna áirithe

Má tá costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i d'iarratas, ba cheart duit doiciméad a uaslódáil ina liostaítear na costais sin. Má tá tú ag déanamh iarratais ar chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas nó costais rochtana do rannpháirtithe faoi mhíchumas agus ar chostais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumais araon, ba cheart duit doiciméad a áireamh le haghaidh an dá chineáil. Déan cinnte go gcuireann tú an méid breise san áireamh mar chuid de do bhuiséad.

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* a chur ar fáil.

### Maidir le hiarratais a bhaineann le leanaí agus le daoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois

Éilíonn an Chomhairle Ealaíon ar gach duine aonair agus ar gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí (mar shampla seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachais) do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a chur i bhfeidhm. Agus iarratas á dhéanamh agat, **caithfidh** tú a chur in iúl i gcuid 1 den fhoirm iarratais cé acu a bhaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo nó nach mbaineann.

- Má fhreagraíonn tú 'Tá' ar an gceist seo san fhoirm iarratais agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort, mar choinníoll maoiniúcháin, a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.

- Má éiríonn leat, iarrfar ort Féin-iniúchadh Dearbhaithe Cáilíochta na Comhairle Ealaíon i dtaca le Cosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú ar https://childprotection.artscouncil.ie/. Téigh chuig www.tusla.ie le tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Tús Áite do Leanaí.

- Éileofar ort freisin do chuid sonraí a nuashonrú sa táb faisnéise faoin bpróifíl sa chuntas Seirbhísí ar Líne (gabh chuig an rannán chun do chuntas a nuashonrú chun sin a dhéanamh).

### Maidir le hiarratais a bhaineann le daoine fásta soghonta

Agus iarratas á dhéanamh agat, **caithfidh** tú a chur in iúl i gcuid 1 den fhoirm iarratais an bhfuil obair le nó le haghaidh daoine soghonta mar chuid de do thogra nó nach bhfuil. Má fhreagraíonn tú 'Tá' don cheist seo, cuireann tú in iúl go n-oibreoidh tú leis an gcohórt seo nó go gcuirfidh tú obair i láthair don chohórt seo mar chuid de do thogra agus go n-aithníonn

tú go bhfuil tú ar an eolas maidir leis an *mBeartas agus na Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Soghonta atá i mBaol Mí-úsáide* agus go gcloíonn tú leis (féach anseo).

Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfaí iarraidh ort níos mó fianaise maidir le comhlíonadh na mbeartas seo a chur ar fáil má éiríonn le d'iarratas.

**Measfar nach bhfuil d'iarratas incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach.**

Má bhíonn eolas uait faoi na formáidí is féidir leat a úsáid faoi choinne an ábhair tacaíochta is mian leat a uaslódáil mar chuid de d'iarratas, féach ar chuid **2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas**.

## 1.11 Incháilitheacht

Measfar go bhfuil d'iarratas **neamh-incháilithe** agus ní chuirfear é chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

1. Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.
2. Níor chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le do thogra.
3. Níl tú incháilithe iarratas a dhéanamh faoi na critéir a leagtar amach i gcuid 1.4 agus i gcuid 1.6 thuas.
4. Chuir tú isteach ar mhéid maoinithe atá níos mó ná an t-uasmhéid a cheadaítear don dámhachtain ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat, faoi mar atá leagtha amach i gcuid 1.8 thuas (ach amháin nuair atá tú ag déanamh iarratas ar mhéid breise chun costais rochtana phearsanta nó costais rochtana do rannpháirtithe faoi mhíchumas a chlúdach).
5. Chuir tú iarratas isteach le haghaidh gníomhaíochta nó cuspóra nach féidir iarratas a dhéanamh ina leith, faoi mar a leagtar amach i gcuid 1.9 thuas.
6. San áit nach mbíonn cruthú saothair chríochnaithe **agus** taibhiú poiblí nó bealach eile chun an saothar coimisiúnaithe a scaipeadh go poiblí nó a chur i láthair in Éirinn nó thar lear mar thoradh ar do thogra (iarratas Ceoil agus Ceoldrámaíochta)
7. Níor chuir tú gach ceann de na hábhair thacaíochta riachtanacha mar a leagtar amach i gcuid 1.10 thuas ar fáil.
8. Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht mhaoinithe eile (cuirfimid an deis maoinithe níos oiriúnaí in iúl duit sa chás seo).

**Tabhair faoi deara:** sa chás go meastar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfar measúnú air agus beidh tú in ann iarratas a dhéanamh leis an togra céanna i mbabhtaí maoinithe sa todhchaí.

# 2. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh

## 2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).

Ní mór go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfar ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat trí ríomhphost, agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

### Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

**Tabhair faoi deara:** caithfidh tú ríomhaire nó ríomhaire glúine a úsáid chun d'iarratas a chur isteach. Ní oibríonn ár láithreán gréasáin Seirbhísí ar Líne ar fhóin ná ar tháibléid.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

| | |
|---|---|
| **PC** | • Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows<br>Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |
| **Mac** | • Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac<br>Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |

**Tabhair faoi deara:** ní mór go mbeidh Microsoft Word (Deasc) nó OpenOffice Writer suiteáilte freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearra saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo: https://www.openoffice.org.

### Úsáideoirí OpenOffice

Féach ar ár bhfíseán *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgoEo

**Ní mór duit** OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

### Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20, tá an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac ar a mbeadh an córas oibriúcháin Mac OS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte.

- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice, nó leagan níos nuaí de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

### Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

### Tacaíocht theicniúil a fháil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200/01 6180243. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis a 2.00 p.m. ar lá an spriocdháta.

## 2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis Microsoft Word (Deisce)/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

**Tabhair faoi deara:** tá an fhoirm iarratais leagtha amach chun go mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann faisnéis a bhaint uaithi chun críocha measúnaithe. Tá sé **thar a bheith tábhachtach** go mbeidh freagraí clóscríofa sna boscaí liatha ar an bhfoirm, agus nach mbainfear iad agus/nó nach mbeidh rud ar bith clóscríofa lasmuigh díobh. Má dhéanann tú é sin, beidh fadhbanna ann agus d'fhoirm á huaslódáil.

## 2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh CV nó samplaí de shaothar reatha de do chuid i gceist leis seo – e.g. téacs, físeán, íomhánna nó taifeadtaí fuaime (féach ar chuid **1.10 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**).

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta uile den sórt sin a chur isteach ar líne – ba cheart duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas formáidí comhaid do d’ábhar tacaíochta.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| téacschomhaid | .rtf/.doc/.docx/.txt |
| comhaid íomhá | .jpg/.gif/.tiff/.png |
| comhaid fuaime | .wav/.mp3/.m4a |
| comhaid físe | .avi/.mov/.mp4 |
| scarbhileoga | .xls/.xlsx |
| Comhaid PDF | .pdf |

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

### Naisc URL a chur isteach

**Tabhair faoi deara:** Is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar cháipéisí ar leith le d'iarratas.

In áit d’ábhar a uaslódáil go díreach, féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar ardáin sruthaithe nach gcuireann teorainn ar rochtain trí shíntiús airgeadais. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán an tsuímh ar a bhfuil d’ábhar á óstáil) isteach i gcáipéis Microsoft Word (Deisce) nó OpenOffice Writer nó cáipéis PDF agus uaslódáil é mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

“Cé nach liosta iomlán é seo, ba shamplaí d’ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud, Bandcamp.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna comhroinnte comhad – e.g. Google Drive, OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta – e.g. Meta, Instagram
- Do shuíomh gréasáin pearsanta féin

**Tabhair faoi deara:** ní bhreathnóidh na measúnóirí ach amháin ar naisc URL a chuireann tú ar fáil. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú cinnte go n-oibríonn gach nasc sa cháipéis **agus** go dtugann na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart ionas go mbeidh an breathnóir in ann rochtain a fháil ar d’ábhar tacaíochta agus breathnú air.

Ná marcáil d'ábhar mar 'príobháideach' mar nach mbeidh sé ar fáil lena mheasúnú. Athraigh na socruithe ar d'fhíseán go 'neamhliostaithe' más rud é nár mhaith leat go mbeadh an pobal in ann féachaint ar ábhar tacaíochta an iarratais ar do chainéal YouTube.

#### Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

| | |
|---|---|
| **Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell** | russelljack iarratas ar Thionscadal Ailtireachta.doc<br>russelljack gearrthóg taibhithe.mp4<br>russelljack Tionscadal ailtireachta teimpléad buiséid babhta 2.xls<br>russelljack nasc youtube.doc |

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

**Tabhair faoi deara:** níl cead na carachtair seo a leanas a úsáid in ainm an chomhaid: **" *: < >? / **

### 2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

#### 2.4.1 Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil foirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

#### 2.4.2 Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe atá á iarraidh agat. Ba cheart gurb ionann **an Méid atá á iarraidh** agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán**. Ba cheart go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid 3 den fhoirm iarratais agus i do bhuiséad mionsonraithe.

#### 2.4.3 Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais atá comhlánaithe agat a uaslódáil, mar aon le buiséad mionsonraithe, CV/CVanna agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach ar

chuid **1.10 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

**Tabhair faoi deara:** má tá d'fhoirm iarratais curtha i gcrích agat mar chomhad **.docx,** agus má tá tú muiníneach go bhfuil d'fhoirm iarratais comhlánaithe i gceart agat (lena n-áirítear clóscríobh laistigh de na réimsí liatha) ach go léiríonn na seirbhísí ar líne teachtaireacht a deir nach féidir an fhoirm a uaslódáil, déan iarracht í a shábháil mar chomhad **.doc** agus í a uaslódáil arís.

### 2.4.4 Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d'iarratas uaslódáilte agat agus tic curtha leis an dearbhú agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhaineann leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara**: tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh an uimhir iarratais.

# 3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

## 3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

## 3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

1 I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:

- Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
- Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

**Tabhair faoi deara:** ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh measúnú.

Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie

2 Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Féach ar chuid **1.11 Incháilitheacht** thuas.

3 I roinnt cásanna, b'fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air an ceann is oiriúnaí do do thogra. I gcás mar sin, déanfaimid teagmháil leat agus fiafróimid díot an bhfuil tú sásta go mbogfaimid d'iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Beidh ort ansin rogha a dhéanamh d'iarratas a bhogadh, nó é a fhágáil faoin réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air.

4 Déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú ar an iarratas bunaithe ar na critéir mheasúnaithe.

5 Molann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart.

6 Déanann an painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar, ansin tugann sé scóir agus déantar cinntí.

7 Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.

8 Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí.

### Achar ama

Déanann an Chomhairle Ealaíon dianiarracht iarratais a mheasúnú chomh luath agus is féidir ach mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, tógfaidh sé **suas le 15 seachtaine** ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh.

## 3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear na hacmhainní atá ar fáil san áireamh. Déantar measúnú ar gach iarratas i gcoinne na gcritéar seo a leanas: a) fiúntas ealaíne, b) an chaoi a gcomhlíonann siad cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana, c) indéantacht. Cuirtear síos ar gach ceann de na critéir sin thíos.

Cé go bhféadfadh iarratasóirí foirmeacha ealaíne/réimsí cleachtais ealaíon eile a roghnú mar chinn a bhaineann lena n-iarratas, déanfaidh an fhoireann atá freagrach as an bpríomhfhoirm ealaíne roghnaithe measúnú ar an iarratas agus d’fhéadfaidís siúd, i gcásanna áirithe, measúnú tánaisteach a iarraidh ar fhoireann eile.

### Fiúntas ealaíne

I gcás an mheasúnaithe ar an bhfiúntas ealaíne, dírítear ar chleachtas an ealaíontóra roimhe sin agus ar nádúr na gníomhaíochta atá beartaithe, chomh maith leis an méid seo a leanas:

- Caighdeán an smaoinimh agus na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe de réir mar atá léirithe ar an bhfoirm iarratais
- Cuntas teiste na foirne ealaíon a bhfuil baint acu leis an tionscadal de réir mar atá léirithe sna CVanna agus san ábhar tacaíochta eile a cuireadh isteach
- Acmhainn an iarratasóra, an ealaíontóra agus an smaoinimh féin de réir mar atá léirithe ar an bhfoirm iarratais agus san ábhar tacaíochta a cuireadh isteach
- An ghníomhaíocht ealaíon atá beartaithe de réir mar a léirítear san fhoirm iarratais
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe
- An uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe sa togra.

### Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh

Déantar iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo aidhm agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh (féach ar chodanna **1.1, 1.2** agus **1.3**).

### Indéantacht

Breathnaítear sa mheasúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir chun an ghníomhaíocht atá beartaithe a sheachadadh. Áirítear anseo:

- An fhoireann a bhfuil baint acu leis an gcoimisiún a bhainistiú, a riar, agus a sholáthar
- An méid a léiríonn an t-iarratasóir go gcuirfear dálaí agus íocaíocht chothrom ar fáil don ealaíontóir nó do na healaíontóirí coimisiúnaithe
- An cineál rannpháirtíochta a bheadh ag aon chomhpháirtithe sa tionscadal

- An buiséad atá beartaithe
- Foinsí eile ioncaim
- Acmhainní eile atá ar fáil agus an teacht atá orthu
- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe.

### 3.4 Painéil phiaraí

Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun faisnéis a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. Bíonn ar a laghad triúr breithneoirí seachtracha ar phiarphainéal a mbíonn an fhoirm ealaíne ábhartha acu agus/nó a mbíonn saineolas acu ar chleachtas ealaíon.

Bíonn comhalta de chuid na Comhairle Ealaíon i gceannas ar gach cruinniú de ghnáth agus gníomhaíonn an comhalta sin mar chathaoirleach gan ceart vótála. Freastalaíonn comhairleoirí agus foireann na Comhairle Ealaíon ar na cruinnithe de réir mar is gá, agus bíonn na daoine a raibh baint acu le measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun faisnéis a sholáthar, de réir mar is gá. Beidh rochtain ag lucht an phainéil ar gach iarratas ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar go léir lá roimh an gcruinniú, tráth a ndéanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil. Ina dhiaidh sin, déantar iarratais a rangú de réir scóir. Mar thoradh ar an gcomhthéacs iomaíoch agus ar an mbuiséad ar fáil, is dóigh nach mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann a mhaoiniú ach líon beag de na hiarratais a gheofar.

#### Próiseas Scórála

Iarrtar ar an bpainéal na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

**A – Caithfear a Mhaoiniú (10 bpointe)**: dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir go léir san iarratas le haghaidh na dámhachtana agus go bhfuil maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin, an méid atá á iarraidh más féidir.

**B – Ba Chóir a Mhaoiniú (8 bpointe)**: dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige má tá acmhainní ar fáil.

**C – D'fhéadfaí a Mhaoiniú (5 phointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread sin leis na hiarratais eile ó thaobh iomaíochta de.

**D – Ní Tosaíocht É (2 phointe):** dar leis an gcomhalta painéil nár comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige.

#### Dearbhú leasa

D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór do chomhaltaí painéil leas a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith leis an iarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire, comhpháirtíochtaí pearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.)

Ní mór an leas a dhearbhú a luaithe agus is eol don chomhalta painéil é a bheith ann. D'fhéadfadh sé sin tarlú ag an bpointe nuair a iarrtar air/uirthi suí ar an bpainéal (más eol an 'leas' ag an bpointe sin) nó tar éis liosta na n-iarratasóirí a fháil. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an comhalta painéil sin páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Nuair a thagann an cás sin aníos, vótálfaidh an Cathaoirleach in ionad an chomhalta painéil.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé nach n-aithneodh comhalta painéil go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann agus go ndéanann sé/sí athbhreithniú ar na páipéir phainéil. I gcásanna den sórt sin ní mór don chomhalta painéil ball foirne den Chomhairle Ealaíon nó Cathaoirleach an phainéil a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann siad go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Sa chás go gcuireann beirt ón bpainéal in iúl go bhfuil coinbhleacht leasa acu i leith aon iarratais amháin, beidh an cathaoirleach páirteach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta i gcás an iarratais shonraigh sin.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dóibh é sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh go bhfuil a leithéid ann agus an fógra sin a thabhairt i scríbhinn roimh an gcruinniú. Sa chás sin, beidh an Ceann Foirne mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an iarratas a bhfuil coinbhleacht leasa i gceist leis.

### 3.5 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-iarratas.

Cuirfear ríomhphost chugat mura gcuirtear d'iarratas ar ghearrliosta. Má chuirtear d'iarratas ar ghearrliosta, déanfaidh an coiste athbhreithniú air.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe a bhronnfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

Féadfaidh tú aiseolas measúnaithe a iarraidh ó fhoireann na Comhairle Ealaíon, is cuma má d'éirigh le d'iarratas ar mhaoiniú nó nár éirigh.

### 3.6 Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach

iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/ nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.